

Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

Is iomaí clár, teidil, srl. i saol na Gaeilge a bhaineann feidhm as an bhfocal ‘imeall,’ agus is idir dhearfach agus dhiúltach an bhrí de.

Braithimid go léir go bhfuilimid ag maireachtáil ar imeall an tsaoil. Ní bhímid i lár an aonaigh. Ach cá bhfuil ná háiteanna is áille sa saol seo, mura bhfuil siad ar na himill, idir thír is muir, idir machaire is sléibhte. Cad iad na hamanna is áille, murab iad na himill idir lá is oíche, agus athruithe na séasúr? Níl sé chomh dona san ar an imeall.

Ba mhór leis na Gaeil i gcónaí na himill mar amanna draíochta - cur i gcás Samhain. Imeall idir séasúir agus maraon leis sin, imeall idir an saol seo agus an saol eile. Bíonn teagháil ón imeall leis an dá thaobh, agus mar sin, is é an áit is saibhre sa spás agus san am. Dar ndóigh, bíonn daoine ag troid faoi theorainn, sin le rá, faoi imill, i gcónaí. Cá bhfuil an t-imeall? Cé atá ar thaobh amháin nó taobh eile de? Le cúnamh Dé, pléifear sin in ionad cathanna! Ach is cuid dár bhféinthuscint a leithéid. Istigh nó amuigh, páirteach nó scartha. Is fearr liom na línte seo nuair a nascann siad le chéile seachas nuair a choimeádann siad scartha, ach bíonn an dá thuiscint sin ann.

An chuid is mó againn, tá ar a laghad dhá theanga againn. Is féidir linn ábhar a fháil agus smaointe a fháil ó fhoinsí difriúla. Tá ár saol níos saibhre ná saol an duine aonteangaigh. Mar chumann agus iris idirnáisiúnta, tá teagháil againne le cultúir go leor, agus is í an Ghaeilge an ponc teaghála eatarthu go léir. Ní ionann san agus an Béarla, mar ní i gcónaí a bhíonn a fhios ag lucht an Bhéarla go bhfuil ábhar ó chultúir eile slóghtha síos acu. Tá an Béarla chomh láidir nach dtugann sé faoi deara gach a mbíonn ar siúl sna teangacha níos lú. Mar theanga bheag, tá an Ghaeilge sásta cothromáiocht a thabhairt don uile theanga (gan géilleadh dóibh). Ach tá a fhios againn go bhfuilimid ar thaobh eile an imill áirithe sin, freisin.



An t-eagarthóir ag mórsíú Naomh Pádraig, Cathair Nua-Eabhrac

Brí eile den bhfocal, sin go bhfuil aon rud ón imeall lasmuigh den phríomhshruadh. Táimid difriúil. Táimid spéisiúil. Tá suim againn i gcúrsaí is ábhair as an ord. Tá aithne againn ar rudaí nach dtugann an gnáthdhuiine faoi deara ar chor ar bith. Tuigeann iascaire an mhuiir, feiceann sé rudaí nach bhfeiceann duine nach bhfuil cleachta leis an dteagháil sin idir uisce is talamh. Agus bíonn dearcadh eile ag ealaíontóirí (scríbhneoirí is filí san áireamh) anseo ar an imeall. Nílimid cailte amuigh ar an bhfarraige. Bíonn radharc againn ar an gcósta. Go hiondúil...

Leis sin uile, bíonn sé baolach ar imeall, minic go leor. Idir ann is as a bhíonn i gceist uaireanta. Imeall chun tosaigh, sin rud tábhachtach, mar *avante garde*, ach is iadsan is mó a théann san amhantar. Má theipeann, teipeann. Ach má éiríonn, is minic go mbíonn toradh iontach air. Sin an fáth go dtéimid sa tseans chun irisleabhar Gaeilge a fhoilsíú, i measc a lán rudaí eile. Mar a deirim i gcónaí, ní bhíonn a fhios ag éinne cé a léifidh An Gael as seo amach, nó cén tionchar a bheidh aige ar dhaoine. Táthar ag súil go

ndéanfaidh sé a mhaith. Táim cinnte de ag an bpont seo go mbíonn daoine ag baint taitnimh as. Bímid ar tí ábhar iontach nua a fháil i gcónai. Bímid ann idir an méid a foilsíodh cheana agus an méid a fhoilseofar, idir ann agus as, b'fhéidir. Sin an dúshlán, agus cuireann sin beocht ionainn.


Ní raibh aon fhios ag Mícheál Ó Lócháin go mbeimis ann. Níor cheap baill an chumainn seo go mbeimis ag léamh na nótaí a scríobh siad beagnach céad bliain ó shin. Agus ní féidir linne a rá cad a tharlóidh ach oiread. Ach ag féachaint siar, is féidir linn feiceáil gur obair fhiúntach ab ea í go fóill.

Ar an ábhar san, tá acmhainn nua againn ar ár suíomh idirlín, www.angaelmagazine.com. Tá innéacs annanois. Is féidir gach atá i ngach eagrán a aimsiú, gach rud a scríobh údar áirithe, agus mar sin de. Teicneolaíocht nua, ar an imeall chun tosaigh! Beimid á fheabhsú de réir a chéile, le cúnamh Dé. Bíonn rudaí nua ann mar sin i gcónai. Tamall ó shin, thosaíomar chun *An Gael* a fhoilsiú mar chomhad pdf, mar rogha eile dár léitheoirí. Má tá smaointe nó moltaí agat faoin iris seo, nó faoin stuif sin ar an idirlíon, déan teagmháil liom. Is linne go léir é an t-iris seo, agus braithim ar a lán daoine eile chun é a dhéanamh. Tairseach is ea gach eagrán, go hábhar is smaointe nach raibh ar fáil duit roimhe, agus cé go mbímid ar an imeall idir gach a raibh agus gach a mbeidh, táthar ag súil nach bhfuil aon teorainn leis na féidearthachtaí - anois.

Deirtear I gcónai go bhfuil Éire socraithe ar imeall na hEorpa. Cad tá ar thaobh eile denimeall? An domhan mór! Agus nach bhfuil baint suntasach ag Éirinn leis an saol ar an dá thaobh! Ni gá d'Éirinn ná do lucht labhartha na Gaeilge rogha a dhéanamh idir dhá dhoras, siar nó soir. Táimid sásta ar animeall. Agus nílimid ach ag teacht inimeall na hoibre seo.



Cailíní óga ag mórsíú Naomh Pádraig, Cathair Nua-Eabhrac



Brian Ó Faoláin ag loic chanála Mire Flores, Panama



Canál Phanama ag Mire Flores